an comhshaol, an tsochaí agus an geilleagar

—

1 Forbairt inbhuanaithe

1 Forbairt inbhuanaithe

Aidhm: Tuiscint ar idé/ar choincheap na forbartha inbhuanaithe a thaiscéaladh agus a dhoimhniú, agus a cur i bhfeidhm agus a hábharthacht a scrúdú i dtrí cinn éagsúla de shuímh.

RÁITEAS SIOLLABAIS

Is é aidhm an tsiollabais:

> **...caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní an domhain a chur chun cinn ar mhaithe le leas agus sonas a áitritheoirí agus ar mhaithe leis na glúinte romhainn**
>
> Réamhrá, Siollabas Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta, lch. 2

Toghaonad 4 –
Patrúin agus próisis i ngníomhaíochtaí geilleagracha

Toghaonad 5 –
Patrúin agus próisis i gcomhshaol an duine

TORTHAÍ

Nuair a bheidh an t-aonad seo críochnaithe acu, ba cheart go mbeadh daltaí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- tábhacht na forbartha inbhuanaithe a aithint ar leibhéal an duine aonair agus ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- feasacht a bheith acu maidir na coinbhleachtaí a bhíonn ann de bharr bhrú an gheilleagair ar an gcomhshaol
- a thuiscint gur féidir tabhairt faoin mórfhorbairt ar bhealach inbhuanaithe
- feasacht a bheith acu maidir le luach an chomhshaoil nádúrtha inti féin agus maidir lena háilleacht
- cur síos a dhéanamh ar phróiseas na measúnachta tionchair ar an gcomhshaol.

na físmhíreanna

1 **CÉ CHOMH hINBHUANAITHE AGUS ATÁ ÉIRE?**
As ECOEYE, sraith 1, clár 1 – 00:00:42

2 **AN GHÉARCHÉIM DRAMHAÍOLA**
As THE STATE WE'RE IN, sraith 2, clár 2 – 00:07:14

3 **SEACHBHÓTHAR CHAISIL / COSAINT OIDHREACHTA**
As ECOEYE, sraith 2, clár 2 – 00:16:52

4 **BOGACH CHUAN BHANÚ**
As ECOEYE, sraith 1, clár 1 – 00:22:40

Cé chomh hinbhuanaithe agus atá Éire?

1 Cén cheist mhór a pléadh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda in Johannesburg i 2002?

2 San fhíseán, cé na trí ghné ghaolmhara den fhorbairt inbhuanaithe a luaitear?

3 Ag Cruinniú Mullaigh Domhanda Rio i 1992, luadh an t-athrú ar an aeráid, an fhoraoiseacht agus an bhithéagsúlacht mar réimsí ina bhféadfadh gach tír feabhas a dhéanamh. Is olc mar a chruthaigh Éire i ngach ceann de sna trí réimsí seo? Cén fáth?

4 Is é Comhar an Chomhpháirtíocht Náisiúnta um an Fhorbairt Inbhuanaithe. Liostáil trí cinn de na grúpaí atá bainteach leis an gcomhlacht seo. Faigh amach cén bhrí atá leis an bhfocal 'Comhar'.

5 Cé faoi atá sé, dar leis na cainteoirí ar an bhfíseán, beart a dhéanamh de bhriathar Comhar maidir le comhardú a dhéanamh idir an fhorbairt geilleagrach agus riachtanais an chomhshaoil?

6 San fhíseán, luaitear bealaí éagsúla a bhféadfaidh an duine aonair an comhshaol a fheabhsú. Liostáil na bealaí seo.

7 Cén fáth, meas tú, a ndeirtear gurb iad na rothaithe 'fíorlaochra na forbartha inbhuanaithe'

8 Cé na hacmhainní nádúrtha luachmhara atá ag Éirinn a luaitear san fhíseán?

9 Rinneadh roinnt mhaith ráiteas faoin bhforbairt inbhuanaithe san fhíseán. Tá cuid acu liostáilte thíos:

'It involves the environment, the economy, and how we live...'

'...one way of human living...'

'...passing the planet on to our children...'

'...development to benefit ourselves and the planet we share...'

'...balancing the needs of the moment with the needs of the future...'

'...long-term thinking...'

Déan cur síos, i d'fhocail féin, ar a bhfuil i gceist leis an bhforbairt inbhuanaithe.

An ghéarchéim dramhaíola

1 Úsáideann duine de na cainteoirí san fhísmhír an nath cainte 'NIMBY'. Céard dó a seasann na litreacha in 'NIMBY'?

(a) Cén bhliain a luaitear mar bhuaicbhliain ó thaobh an bhainistithe dramhaíola in Éirinn?

(b) Cén t-ainm a thugtar ar an mbeartas a tugadh isteach ag an am chun díriú ar ár gcuid fadhbanna dramhaíola?

2 Cén fáth a ndeirtear go bhfuil lámh againn uile i gcruthú fhadhb na dramhaíola?

3 Cé mhéad mála plaisteach a bhí in úsáid in aghaidh na bliana in Éirinn sular tugadh isteach an tobhach ar mhálaí plaisteacha?

4 Liostáil cuid de na fadhbanna a bhaineann le suímh líonta talún ar an seandéanamh.

5 Cén fhreagracht atá ar tháirgeoirí agus ar dhéantúsóirí maidir leis an dramhaíl a chruthaíonn siad?

6 Liostáil cuid de na cúiseanna imní a bheadh ag daoine aonair agus ag pobail maidir le suímh líonta talún nó áiseanna dramhaíola eile a bheith á lonnú i ngar dá dtithe.

7 Deir an láithreoir gur minic a bhíonn agóidí ann mar go gcuirtear athruithe i bhfeidhm gan dul i gcomhairle leis na daoine is mó a bhíonn thíos leis na hathruithe sin. Meas tú an dtiocfadh daoine ar mhalairt intinne dá dtabharfaí isteach i bpróiseas cinnteoireachta / i bpleanáil áiseanna dramhaíola iad? Mínigh do fhreagra.

Seachbhóthar Chaisil / cosaint oidhreachta

1 Cén mórshuíomh náisiúnta atá i gCaiseal?

2 Cuirfidh an seachbhóthar deireadh le moill ar thiománaithe de bharr brú tráchta. Cén feabhas a chuirfidh sé ar cháilíocht saoil mhuintir an bhaile?

3 Céard a d'aontaigh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an tAire Ealaíon, Gaeltachta, Cultúir agus Oileán mar a bhí ina gcód cleachtais?

4 Cén chúis a luaitear san fhíseán leis an easpa seandálaithe atá in Éirinn chun dul ag obair ar thionscadail a bhaineann le bóithre?

5 Cén bhaint a bhí ag an bpobal áitiúil leis an scéal?

6 Cén fáth a meastar gur maith an áit aibhneacha agus linnte ag seandálaithe chun tosú ar a n-imscrúdú?

7 Céard a cheapann tú féin den chur chuige a bhí ann sa tionscadal seo i leith na hoidhreachta seandálaíochta?

Bogach Chuan Bhanú

1 Céard is bogach ann?

2 Céard iad feidhmeanna na mbogach?

3 Liostáil na trí chuid éagsúla atá i mBogach Chuan Bhanú?

4 Tabhair dhá shampla den fhiadhúlra sna bogaí.

5 Cén fáth a dtugtar le fios go bhfuil bogaí na hÉireann i mbaol?

6 Cén fhianaise a luaitear san fhíseán chun a thaispeáint nach dtuigeann formhór na ndaoine tábhacht na mbogach.

CÉ CHOMH hINBHUANAITHE AGUS ATÁ DO SHAOLSA?

TÁSTÁIL INBHUANAITHEACHTA

OBAIR AONAIR

Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de na hathruithe a d'fhéadfadh siad a dhéanamh ar a saol chun go mbeadh sé níos inbhuanaithe. Ba cheart na hathruithe a chur i ngrúpaí, faoi na ceannteidil

- **laghdaigh**
- **athúsáid**
- **athchúrsáil**

Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh de shamplaí a bhaineann leis an mbaile, leis an tsiopadóireacht agus le húsáid iompair.

OBAIR I mBEIRTEANNA

Iar ar na daltaí a gcuid saothair a roinnt le chéile agus a chur i gcomparáid le chéile agus na réimsí ina n-aontaíonn siad agus ina n-asaontaíonn siad a phiocadh amach.

OBAIR I nGRÚPAÍ

Roinn na daltaí ina ngrúpaí agus iarr ar gach grúpa measúnacht a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na scoile. Tógadh gach grúpa ceann de na ceannteidil seo a leanas agus déanaidís plé ar na barúlacha a bhí ag grúpaí do chúrsaí inbhuanaitheachta ar scoil.

- **Bruscar agus bainistiú dramhaíola**
- **Úsáid breosla**
- **Iompar**
- **Uisce**
- **Comhshaol allamuigh**
- **Beartas comhshaoil**

Ba cheart don ghrúpa a chinneadh freisin cá rachaidh siad chun tuilleadh eolais a fháil ar an topaic. Iarr ar gach aon ghrúpa tuairisc a dhéanamh don rang maidir le torthaí a gcuid saothair.

PLÉ I nGRÚPAÍ

Is sampla é Bogach Chuan Bhanú, Co. Loch Garman, de limistéar áilleachta nádúrtha a thaispeántar san fhíseán. Iarr ar na daltaí a leithéid de limistéir a shainaithint ina gcontae féin. I gcás na limistéar seo uile, déan na ceisteanna seo a leanas a phlé:

- Cén fáth a bhfuil an oiread luacha nó an oiread tábhachta ag baint leis na limistéir a roghnaíodh?
- Cé na bagairtí atá ann do na limistéir?
- Cén chaoi ar féidir iad a chosaint agus/nó a chaomhnú?

OBAIR LÉARSCÁILE

Ag baint úsáid as léarscáilanna Suirbhéireachta Ordanáis 1:50,000, iarr ar na daltaí na limistéir áilleachta nádúrtha/oidhreachta a luadh sa phlé thuas a aimsiú agus an tagairt eangaí a fháil do gach ceann díobh.

TASC

Léigh amach do na daltaí an t-eolas cúlra seo a leanas maidir le Measúnuithe ar an Tionchar ar an gComhshaol.

- Ní mór Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol a dhéanamh ar na forbairtí mórscála uile sula bhféadfar iad a fhaomhadh. Mar chuid den phróiseas, cuireann an forbróir Ráiteas faoin Tionchar ar an an gComhshaol (RTC) ar fáil.
- Ní mór do gach RTC na nithe seo a leanas a áireamh:

(i) cur síos ar na na príomhthionchair is dóigh a bheidh ag an bhforbairt ar an gcomhshaol, ag tagairt do dhaoine, don fhlóra (plandaí), don fhána (ainmhithe), d'ithir, d'uisce, don tírdhreach, do chultúr agus don oidhreacht.

(ii) cur síos ar na bearta a bhfuil súil ag na forbróirí a choiscfidh, a laghdóidh nó a leigheasfaidh na héifeachtaí seo.

Iarr ar na daltaí:

- cur síos a dhéanamh ar na príomhthionchair a bhí ag seachbhóthar Chaisil ar an gcomhshaol, agus a cheapfaidís a d'áireofaí sa RTC, ag tarraingt ar fhianaise ón bhfíseán agus ag úsáid an liosta ceannteideal a thugtar thuas
- breac-chur síos a dhéanamh ar na bearta a cheapann siad a tógadh chun na tionchair ar an gcomhshaol a shainaithin siad a chosc, a laghdú nó a leigheas.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil